

An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath

Tuarascáil an Uachtaráin

Meán Fómhair 2003 – Lúnasa 2004

Meán Fómhair 2004 – Lúnasa 2005

TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath*

Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

Meán Fómhair 2003 – Lúnasa 2004

Meán Fómhair 2004 – Lúnasa 2005

Le cur i láthair Údarás Rialaithe an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath*, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath ag cruinniú an 14 Feabhra 2006.

* Cloídh leis an leagan UCD sa Tuarascáil seo ar an mbonn gurb é is leithne úsáid (sa Ghaeilge féin) agus gurb é is éasca tuiscint i gcomhthéacs na Tuarascála seo.

Clár

Réamhrá leis An Dr. Hugh Brady, Uachtarán UCD	2
Gnóthú Ardchaighdeán Feabhais sa Teagasc agus san Fhoghlaim	7
Líon Mac Léinn	9
Modúlú agus seimeastrú: Na Céimeanna Tosaigh	10
UCD Horizons	12
Dámhachtainí an Uachtaráin don Fheabhas Teagaisc	13
An tIonad Teagaisc agus Foghlama	14
I dtreo Ollscoil Diantaighde	15
Maoiniú Taighde	17
Taighde UCD	20
Institiúid Mhic Chon Mí um Thaighde Bithleighis agus Bithmhóilínigh UCD	22
Institiúid Uí Ghadhra UCD	24
Ionad Leighis Mhóilínigh Bhaile Átha Cliath (DMMC)	26
NovaUCD – Ionad um Aistriú Nuálaíochta agus Teicneolaíochta	28
Institiúid Dhaonnachtaí Éireann UCD	30
Institiúid Uirbeach Éireann UCD	31
Institiúid Mhichíl Uí Chléirigh UCD	32
Ardchaighdeán ollscolaíochta do mhic léinn	34
Forbairt Áiseanna: Tograí Caipitiúla	35
Seirbhísí Mac Léinn	39
Saol an Mhic Léinn	46
Múnlú Clár Oibre	49
Cumarsáid	51
Forbairt agus Teagmháil le hIarMhic Léinn	52
Imeachtaí na Mac Léinn Idirnáisiúnta	54
Ceiliúradh an chéid go leith	55
An Dr. Art Cosgrove, Uachtarán UCD 1994 – 2003	60

Réamhrá leis an Dr. Hugh Brady, Uachtarán UCD

Ó bhunú UCD i leith, aithníodh dlúthcheangal idir fás an Choláiste agus fás an Stáit. Is ollscoil í UCD atá ag feidhmiú i stát atá neamhspleách, nua-aimseartha agus ag éirí níos rathúla. Le blianta fada, tá a rian fágtha ag an ollscoil seo ar ghnéithe d'eacnamaíocht, de shochaí agus de chultúr an stáit, agus leanfar de seo go ceann i bhfad eile.

Fís

Ar mo cheapadh dom mar Uachtarán ar UCD, thuig mé láithreach gur ollscoil den scoth í; thug mé an méid sin le tuiscint sa chéad léacht a thug mé ar 20 Eanáir '04. É seo ráite, bíonn dúshlán le sárú, fiú, ag forais den scoth, agus ní miste a bheith i gcónaí ag iarraidh barr feabhais a chur ar an scoth féin. Ba é seo an phríomhsprioc a chuir mé romham agus mé ag tabhairt aghaidh ar an Uachtaránacht. Leag mé síos fís do UCD a bhí bunaithe ar na spriocanna seo a leanas:

- Aitheantas di mar ollscoil diantaghde
- Ollscoil dírithe go príomha ar an mac léinn; cinntithe ag ardchaighdeán feabhais sa teagasc agus san fhoghlaím a sholáthar
- Campas a chuimsíonn an tsochaí uile agus a áiríonn an saol seachtrach ina ghníomhaíochtaí
- Pobal acadúil a mbeidh ceangal idir é agus imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Ollscoil fíorghaelach, a bhíonn i dteagmháil le Gaeil ar fud an domhain.

Is é a spreagann an fhís seo ná an mhian go n-aithneofar UCD mar ollscoil ina soláthraítear cláir teagaisc agus foghlama atá ar ardchaighdeán - sé sin cláir atá ceannródaíoch agus spreagúil - agus a léiríonn tiomantacht don taighde, don scoláireacht, don nuálaíocht agus don chruthaitheacht.

Go deimhin, ba é ba dhóigh liom ansin, agus is é is dóigh liom fós ná: go bhfuil sé de chumas againn, agus go bhfuil sé de dhualgas orainn, bheith mar an phríomhollscoil taighde in Éirinn. Ní hamháin seo, ach ba cheart go n-áireofaí sinn i measc phríomhollscoileanna na hEorpa. Tá géarghá lena leithéid de sprioc má táimid le bheith

dlúthpháirteach sna próisis lárnacha a mhúnlaíonn Éire inniu agus amárach. Is cuspóir mar sin a mheallfaidh na taighdeoirí, na hacadúlaithe agus na mic léinn is cumasaí as gach cearn den domhan: daoine a bhfuil fonn orthu nithe a fhoghlaim, dushláin a shárú, an rud nua a chruthú agus daoine eile a spreagadh. Is ábhar mórtais dom é go bhfuil dul chun cinn suntasach ina leith déanta againn go dtí seo.

Agus an méid seo ráite, ní éireoidh linn na spriocanna sin a bhaint amach mura n-éiríonn linn maoiniú níos fearr a mhealladh. Má fhéachtar ar institiúidí eile atá ar chomhfhéid linne is léir nach bhfuil an maoiniú céanna aimsithe againne. Leanfaimid den bhrú a chuirimid ar an Rialtas tacaíocht a thabhairt don Ollscoil i dtreo is go gcomhlíonfaimid ár ndualgas mar phríomhghníomhaire taighde agus faisnéise na hÉireann. Glacfaimid na céimeanna cuí le go dtabharfar tús áite do UCD agus maoiniú taighde á dháileadh. Cruthóimid teagmháil le hiarmhíic léinn agus lenár mbronntóirí chun go mbeidh ar ár gcumas ár gcuspóirí straitéiseacha uile a bhaint amach.

Plean Straitéiseach UCD 2005 go dtí 2008

Cuireadh foireann shinsearach bainistíochta le chéile i Meitheamh na bliana 2004 a d'fhorbair agus a shainaithin Plean agus Fís Straitéise. Bhí sé mar dhualgas ar an bhfoireann seo an próiseas forbartha straitéiseach a bhrú ar aghaidh. Ba dhlúthchuid den phróiseas seo an t-idirphlé le páirtithe leasmhara. Ní raibh aon choinne leis an leibhéal idirphlé a lean: mórchainteanna ar an treo ina raibh an ollscoil ag dul agus ar na nithe ar cheart tús áite a thabhairt dóibh.

An chéad chéim sa phróiseas ná an t-idirphlé idir na Dámha agus na hAonaid Tacaíochta. Iarradh ar na Dámha agus ar na hAonaid Tacaíochta ar fad machnamh a dhéanamh ar an misean a bhí acu, ar an gcumas a bhí iontu an misean sin a chomhlíonadh, ar na dushláin a chaithfidís a shárú agus ar na deiseanna a d'fhéadfaidís a thapú. An chéad chéim eile sa phróiseas ná idirphlé tras-ollscoile, a mhair trí mhí. Aithníodh gur ghá na gnáthaimh agus na struchtúir taobh istigh den ollscoil a chur in oiriúint do chuspóirí na hollscoile.

Socraíodh leis an *Washington Advisory Group* go ndéanfaidís iniúchadh neamhspleách ar UCD. Iarradh orthu féachaint ar thrí ghné ar leith:

- Cóimheas a dhéanamh idir UCD agus ollscoileanna eile a bheadh ar chomhchéim léi
- Straitéis agus struchtúr teagaisc, foghlama agus taighde UCD a mheasúnú
- Athbhreithniú a dhéanamh ar mhianach UCD feabhas taighde a bhaint amach i ngnéithe áirithe sainiúla

I ndiaidh an chéad bhabhta d’idirphlé tras-ollscoile, aimsíodh nithe a gcaithfí díriú orthu agus bunaíodh Tascfhórsaí Bainistíochta Athruithe a d’fhéachfadh i ndiaidh na gnéithe seo a leanas:

- Sóisialú agus Forbairt Bhall Foirne
- Struchtúr
- Brandú
- Cumarsáid Inmheánach
- Deiseanna dul chun cinn go leibhéil an Ollaimh
- Córais Bhainistíocht Faisnéise
- Mionsamhlacha den Ualach Oibre Acadúil

Is mór an t-údar sásaimh dom é gur cuireadh plean Straitéiseach trí bliana le chéile agus é bunaithe ar thorthaí na measúnuithe agus na gcainteanna. Bhí na hardchuspóirí ar fad a leagadh síos sa Phlean Straitéiseach comhaontaithe ag an gComhairle Acadúil agus ag Údarás Rialaithe na hollscoile faoi Mhí Feabhra 2005.

Díríonn ár bPlean Straitéiseach ar thrí ghné ar leith: gurb í UCD a sháróidh chomh fada agus a bhaineann le timpeallacht teagaisc agus foghlama, le soláthar timpeallacht spreagúil taighde agus leis an tionchar a bhíonn aici ar shochaí na hÉireann.

UCD *Horizons*

I bPlean Straitéiseach UCD, leagtar béim go mórmhór ar chuspóirí straitéiseacha a bhíonn dírithe go príomha ar mhic léinn. Is modh iad na cuspóirí céanna chun na mic léinn is cumasaí a mhealladh agus chun a chinntiú go n-éiríonn go geal leo le linn dóibh a bheith san ollscoil.

Is iad na nithe is mó a mheallann mic léinn ná éagsúlacht agus ardchaighdeán clár, rogha deiseanna laistigh de churaclam modúlach, cáil idirnáisiúnta bhaill foirne mar theagascóirí agus infheistiú leanúnach sa timpeallacht teagaisc.

Ós rud é gur sinne an chéad ollscoil in Éirinn a bhfuil fíorchuraclam seimeastraithe, modúlaithe atá bunaithe ar chóras creidmheasanna curtha sa tsiúl againn, ní hamháin gur sinne na ceannródaithe náisiúnta ach táimid san iomaíocht sa chomhthéacs idirnáisiúnta.

UCD *Horizons* a thugtar ar ár gcuraclam modúlaithe, curaclam a thugann deiseanna níos fearr fós do mhic léinn chun díriú ar na hábhair is mó suim acu trí ábhar nó trí mhodúil a roghnú nach mbaineann go díreach lena gcúrsa staidéir féin. Tá éirithe thar barr leis seo in ollscoileanna eile ar fud an domhain, agus is cúis mórtais do UCD é gurb í an chéad ollscoil in Éirinn chun togra mar seo a chur ar fáil. Is iomaí deis nua foghlama a chruthaíonn UCD *Horizons* agus beidh seo le sonrú amach anseo de réir mar a chuirtear na scéimeanna éagsúla sa tsiúl. Faoi mar a aithnítear sa Phlean Straitéiseach, is cuid lárnach de phobal UCD iad na mic léinn idirnáisiúnta: mic léinn a chuireann go mór leis an ngné ilchultúrtha de shaol na hollscoile. Bímid de shíor ag iarraidh breis mac léinn ón iasacht a mhealladh chugainn, agus chláraigh suas le 3,000 mac léinn idirnáisiúnta le UCD sa bhliain 2004/2005.

Ollscoil Diantaighde

In ainneoin tús aite a bheith ag Plean Straitéiseach UCD, ní dhéantar neamhsuim de ghnéithe eile. Ní hiad gnóthachtálacha uile na hollscoile amháin a léiríonn díograis agus tiomantacht na mball foirne, ach an maoiniú súntasach atá slánaithe le dhá bhliain anuas. Is le leas na mac léinn, na mball foirne agus na tíre an t-infheistiú sa bhonneagar: rud a chinntíonn go mbíonn UCD ag síorathrú de réir mar is cuí.

Táimid ag saothrú chun go n-áireofar sinn mar Phríomhollscoil Diantaighde. Is é an phríomhsprioc againn ná go mbeadh tóir ag na taighdeoirí is fearr, ó gach disciplín, ar an Ollscoil againne. Chuige seo, táimid ag leanúint den infheistiú in áiseanna den scoth.

I Meán Fómhair na bliana 2003, osclaíodh Institiúid Mhic Chon Mí um Thaighde Bithleighis agus Bithmhóilínigh. Is ag an ionad seo atá an dul chun cinn is súntasaí déanta ó thaobh an bhithleighis de.

In nDeireadh Fómhair na bliana 2005, osclaíodh Aonad Taighde Géanóim in Ospidéal Mater Misericordiae na Ollscoile agus osclófar Aonad eile mar é in Ospidéal Ollscoile Naomh Uinsionn go luath. Osclófar an tIonad um Shintéis agus um Bhitheolaíocht Cheimiceach go luath ina dtabharfar tacaíocht dóibh siúd a dhéanann staidéar ag an bpointe teagmhála idir an Cheimic agus an Bhitheolaíocht.

Is iontach an dul chun cinn é seo, agus is údar sásaimh dom a fhógairt go leanfar de sa bhliain 2006 agus go ceann i bhfad.

Tá méadú tagtha leis ar líon agus ar luach na ndámhachtainí a bronnadh ar an Ollscoil idir na blianta 2003 agus 2005: sa bhliain 2003/04, bronnadh €50 milliún ar UCD, méadú 9% ar luach na bliana 2002/03. Mhéadaigh an figiúr seo go dtí €63 milliún sa bhliain 2004/05; méadú 26%.

Sa bhliain 2005, rinne an GFT (Gníomhaireacht Forbartha Tionscail) deontas €72 milliún a fhaomhadh chun go mbunófaí An Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus um Thraenáil Bithphróiseála (NIBRT) ar champas Belfield. UCD atá i bhfeighil na comhpháirtíochta. Seo an bronnadh is mó riamh sa Stát ar thionscnamh taighde, agus tréaslaím leo siúd ar fad atá rannpháirteach.

Is é UCD an soláthraí is mó oiliúint, in Éirinn, do mhic léinn PhD agus tá sé beartaithe againn béim níos mó fós a leagadh ar an oideachas ceathrú leibhéil, faoi mar is mór é ag leibhéal an stáit. I dtús báire, bunófar scoileanna do chéimithe agus cláir iarchéime déanta de mhodúil. Tá sé mar rún againn go mbeadh PhD de chuid UCD mar bhuaicchaighdeán.

Athstruchtúrú Acadúil

Ceann de na constaic ba mhó a bhíodh againn ná líon iomarcach fo-ranna taobh istigh den struchtur acadúil. Ba bhac é ar chumarsáid agus ar chomhoibriú éifeachtach idir comhleacaithe. Anuas air seo, d'fhág an córas seo baill fhoirne acadúla faoi ualach ag dualgais riaracháin. Mar mhodh lenár gcuspóirí a bhaint amach, thugamar faoi athstruchtúrú a dhéanamh ar an Ollscoil, athstruchtúrú ar ollscála nár shamhlaíomar roimh ré. Cuireadh Clár Bainistíochta Athruithe ar bun a stiúraigh athstruchtúrú UCD. Faoi gclár seo rinneadh 35 Scoil agus 5 Choláiste as breis agus 90 Roinn agus 11 Dhámh an tseanchórais. Is iad seo a leanas na cúig choláiste:

- Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD
- Coláiste Gnó agus Dlí UCD
- Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD
- Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD
- Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD

Is í an Scoil an t-aonad lárnach taobh istigh de na Coláistí seo, bíodh imeachtaí acadúla nó taighde i gceist. Ní hamháin go ndearnadh athchóiriú ar an struchtúr féin, ach bhí gá le hathruithe i ngach cearn den Ollscoil maidir le ról, le dualgais agus le modhanna oibre.

Tá éirithe leis an athstruchtúrú agus leis na hathruithe suntasacha a cuireadh i bhfeidhm inár gclár acadúla dá bharr. Díograis na mball fhoirne ar fad is mó a chabhraigh leis. Mar aitheantas ar an díograis a bhí mar bhonn le héacht stairiúil mar seo, tá UCD tiomanta do chóras a thabharfaidh an deis do bhaill foirne dul chun cinn proifisiúnta a dhéanamh.

Beidh modhanna difriúla ann le dul chun cinn a dhéanamh, go leibhéal Ollaimh ach go háirithe. Agus focail scoir na tuarscála seo á scríobh agam ar 31 Lúnasa 2005, is údar sásaimh dom a mhaíomh go mbeidh struchtúir nua na hOllscoile, faoi Statúid 6, ag teacht i bhfeidhm ó 1 Meán Fómhair 2005 ar aghaidh agus go bhfuilimid prapáilte faoi réir mac léinn na chéad bhliana a bheidh ag tabhairt aghaidh ar churaclam nuálach múnlaíthe ag an seimeastrú agus ag modúil.

Ardchaighdeán ollscolaíochta do mhic léinn

Is é cineál agus caighdeán na timpeallachta foghlama an ghné is mó a théann i bhfeidhm ar thaithí na mac léinn i UCD. Is iontach go deo an teacht a bhíonn ag mic léinn ar áiseanna den uile shórt agus na himeachtaí éagsúla seach-churacláim; rudaí a thugann an deis do mhic léinn dul chun cinn, ar bhonn acadúil agus ar bhonn sóisialta, a dhéanamh.

Bímid de shíor ag feabhsú na n-áiseanna, agus ag cur leo, ar láthair na hOllscoile. Tá dul chun cinn súntasach déanta ar na pleananna d'fhorbairt Ollionad *Gateway (Gateway Complex)*.

Cuirfidh seo leis an soláthar áiseanna do mhic léinn agus tabharfaidh sé an deis do bhaill an phobail máguaird leas a bhaint as campas Belfield. Is faoi Phlean Forbartha an Champais a dhéanfar na forbairtí seo mar mhodh chun campas bríomhar agus folláin a chinntiú, a mhairfidh go ceann i bhfad.

Faoi bPlean Straitéiseach, is mian linn an chuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn. Is fóna a bhfuil déanta ag ár Seirbhís Tacaíochta do Lucht Míchumais agus ag an gclár nua ERA. Ceapadh Comhairleoir do Mhic Léinn Lánfhásta sa bhliain 2004 chun go ndéanfaí freastal ar riachtanais mac léinn lánfhásta UCD.

Múnla Clár Oibre

Is beag Ollscoil a d'fhéadfadh a mhaíomh go bhfuil siad 150 bliain ar an bhfód. Rinne UCD an ocaid seo a cheiliúradh sa bhliain 2004, tar éis dóibh oideachas a chur ar mhic léinn an áirithe sin ama. Cuireadh clár cuimsitheach d'imeachtaí sa tsiúl, ó thús deireadh na bliana. B'ábhair cheiliúrtha iad nithe éagsúla a bhaineann le UCD amháin, nithe a bhaineann le tráth dá raibh chomh maith leis an tráth a bheidh. B'iad na focail chuí 'Ré chaite á cheiliúradh - ré úr á chruthú' a bhí mar mhana le linn an cheiliúrtha.

Togra fíorthábhachtach eile a bhí sa tsiúl sa bhliain 2004/2005 ná féiniúlacht agus íomhá na hollscoile a mheas agus a chur in iúl do na páirtithe leasmhara. Chuaigh an togra seo i bhfeidhm ar réimse tograí eile, go mórmhór ar an athbhrandú a rinneadh ar an ollscoil:- tugadh íomhá nua don ollscoil, ina léirítear dúchas doimhin maraon le fíis nua-aimseartha

na hollscoile chomh maith le tuiscint a thabhairt ar ról náisiúnta agus ar mhianta idirnáisiúnta na hollscoile.

Táimid ag déanamh ár ndíchill chun teagmháil níos éifeachtaí a chruthú le hiarmhíic léinn. Is daoine aonair iad a théann i bhfeidhm ar an saol agus ar athruithe saoil, daoine a bhfuil ar a gcumas UCD a fhógairt ar bhonn idirnáisiúnta. Ba dhlúthpháirt de bhaint amach ardaidhmeanna UCD é an maoiniú ó fhoinsí príobháideacha. Le linn na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo, tá éirithe le UCD céimeanna oinigh a bhronnadh ar chuid de na daoine is mó a chuir le saol na hÉireann nó, go deimhin, le saol an domhain ar shlí amháin nó ar shlí eile.

I Samhain na bliana 2003, bhronnamar an Bonn *Charter Day* ar an Uasal Denis Brosnan agus sa bhliain 2004

bhrónnamar an chéad bhonn *Foundation Day* ar Sir Peter Sutherland, Iarchoimisinéir AE d'Éirinn agus céimí de chuid UCD. Ba phribhléid agamsa é céimeanna oinigh a bhronnadh ar mhórán dhaoine, idir Éireannaigh agus eachtrannaigh, ó ceapadh im'Uachtarán mé. Cuirim i gcás searmanais speisialta i Meitheamh na bliana 2004 mar chomóradh 100 bliain ar *Bloomsday* nó comóradh 150 bliain ar oscailt Ollscoil Chaitliceach Newman ar an 3 Samhain 1854.

Ní miste, ag an bpointe seo, tagairt don Uachtarán a tháinig romham, an Dr. Art Cosgrove, Uachtarán na hOllscoile ó 1994 go dtí 2003, agus don obair ar fad a rinne sé ar mhaithe leis an Ollscoil. Le linn dó a bheith ina Uachtarán, tháinig forbairt ollmhór ar an gcampas féin agus ba mhór an dul chun cinn agus an t-athchóiriú a rinneadh ar an Institiúid. Beidh cuimhne go deo ar an méid a rinne sé chun scéal agus cás UCD a chur os comhair an Rialtais, an HEA agus os comhair páirtithe leasmhara eile; obair a chuir ar chumas UCD dul chun cinn éifeachtach a dhéanamh. Tugtar léargas cuimsitheach ar obair Art níos déanaí sa tuarascáil seo. Ar an mbonn céanna, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne an tIarchlárathóir, an Dr. Caroline Hussey.

Ba mhaith liom tagairt chomh maith don obair a rinne an tÚdarás Rialaithe a ghníomhaigh roimh an Údarás Rialaithe reatha. Ba mhaith buíochas a ghabháil leo as an sárobair a rinne siad agus as an tacaíocht a thug siad. Is é an tUasal Kieran McGowan atá ina Chathaoirleach ar an Údarás Rialaithe reatha a bheidh i bhfeidhm ó 1 Feabhra '05 go dtí 31 Eanáir '09.

Táim go mór faoi chomaoin ag an 40 ball de chuid an Údaráis reatha agus iad sin a bhí ina mbaill den IarÚdarás as a gcuid oibre agus as a gcuid iarrachtaí, agus as an gcomhairle agus as an gcabhair a chuir siad ar fáil dom agus dom' Fhoireann Shinsearach Bainistíochta agus sinn ag saothrú chun cuspóirí straitéiseacha UCD a bhaint amach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don pháirt lárnach a ghlacann baill fhoirne UCD i riaradh na sárinstiúide seo. Tá bhúr ndúthracht le brath i ngach leathanach den tuarascáil seo.

Hugh Brady,
Uachtarán.